17.09.2020

San eagrán seo:

- Tae & Plé thar Zoom
- Póstaeir Nua
- Tacaíochtaí do Thuismitheoirí Nua
- Tacaíochtaí agus Treoir ón RLGÓ
- Seimineáir Eolais agus Suirbhéanna na Roinne
- ...agus rud amháin eile!

Tae & Plé - An mbeidh tú linn?

Fáilte ar ais chuig an dara heagrán den téarma seo de Nuachtlitir na Naíonraí! Tá súil againn go bhfuil sibh ag socrú isteach arís agus go bhfuil sibh ag dul i dtaithí ar na hathruithe nua atá curtha i bhfeidhm agaibh de bharr COVID-19. Tá súil againn freisin go bhfuil na páistí ag baint suilt as an gcéad chúpla

Tá áthas orainn a fhógairt go bhfuil cruinniú neamhfhoirmeálta Zoom eagraithe againn don Chéadaoin 23ú idir 18.00-19.00. Ba mhaith linn deis a thabhairt daoibh teacht le chéile ar líne i ndiaidh athoscailt chun bhur gcuid cleachtas nua a phlé agus a roinnt. Is féidir libh labhairt lena chéile maidir le bhur dtaithí, chun gur féidir tacaíochtaí cuí a aithint agus foghlaim óna cheile.

Beidh oraibh féin an tae agus na brioscaí a ullmhú sa bhaile, faraor, ach tá súil againn nach mbeidh an lá rófhada uainn go mbeimid in ann bailiú le chéile arís.

Más suim leat cloisteáil ó mhúinteoirí eile agus roinnt aiseolas agus smaointe a fháil, ní gá ach **clárú thíos** agus liostaigh 3 rud nua a chur tú i bhfeidhm sa seomra naíonra.

Cláraigh don chruinniú Zoom anseo

Póstaeir Nua

Tá muid ag déanamh iarrachta cur leis na hacmhainní atá ar fáil don seomra naíonra. An tseachtain seo caite, chuireamar cúpla póstaer ar fáil bunaithe ar COVID-19. Tá 2 phacáiste de na póstaeir seo á sheoladh sa phost chuig gach naíonra. Is féidir teacht ar na leaganacha PDF thíos.

Tá cúpla póstaer bunaithe ar an suíomh GaeilgedonNaionra.ie cruthaithe againn freisin. Is féidir teacht orthu tríd an nasc thíos. Fáilte roimh mholtaí do phóstaeir nua a chur chuig katie@gaeloideachas.ie.

Póstaeir COVID-19 & Eile

Tacaíochtaí do thuismitheoirí

Is athrú mór agus cloch mhíle an-tábhachtach i saol an pháiste tosú ar an naíonra, go háirithe i ré COVID-19. Gach seans go bhfuil sé nó sí ar bís go fóill ach beagáinín beag neirbhíseach ag an am céanna. Tá sé nó sí fós ag dul i dtaithí ar áit nua, ar mhúinteoir nua, ar ghnáthamh nua agus ar chairde nua. Tá an chéad chúpla seachtain sa naíonra an-tábhachtach. Nuair atá tús dearfach spraíúil ag an bpáiste sa naíonra, cabhróidh sé leis nó léi bheith compordach, ar a s(h)uaimhneas agus sona ann go fadtéarmach. Is féidir leis an tuismitheoir cúnamh a thabhairt leis seo.

Seo a leanas roinnt nodanna gur féidir a roinnt leis na tuismitheoirí nua chun cuidiú lena bpáistí sa bhaile:

Bí Dearfach: Léirigh do do pháiste go bhfuil tú ag tnúth go mór leo tosú sa naíonra.
Bí ag Caint: Tá sé an-tábhachtach caint go dearfach faoin naíonra le do pháiste agus na rudaí éagsúla a bheidh ar siúl aige nó aici ann.
Bí ag Léamh: Is cuma cén teanga ina bhfuil tú á dhéanamh, tá sé tábhachtach nós na léitheoireachta agus grá do leabhair a chothú trí leabhair a léamh sa bhaile le do pháiste.
Bí ag Spraoi:. Cabhraíonn an spraoi leis nó léi scileanna luaile, cumarsáide, cruthaitheachta agus fiosrachta a fhorbairt agus teacht ar thuiscintí nua ar an saol mórthimpeall air nó uirthi.
Lorg Comhluadar: Is smaoineamh an-mhaith é bualadh le teaghlaigh eile le Gaeilge nuair atá sé sin indéanta - an féidir bualadh leo lasmuigh sa pháirc áitiúil nó thar Zoom?

Tá leathanach nua á chruthú againn do thuismitheoirí ar an suíomh - Acmhainní do Thuismitheoirí. Bunaithe ar bhur dtaithí, an bhfuil moladh ar leith agaibh maidir le rudaí fiúntacha le cuir ann nó an bhfuil teimpléad agaibh a mbeadh sibh sásta a roinnt? Seol chugainn iad ar ríomhphost chuig ciara@gaeloideachas.ie.

Is féidir tuilleadh a léamh anseo

Tacaíochtaí agus Treoir ón RLGÓ do Sholáthróirí

An bhfuil an leagan is déanaí de Nuachtlitir na Roinne Leanaí feicthe agaibh go fóill? Tá an t-uafás eolas fiúntach ann. Seo chugaibh roinnt de na tacaíochtaí atá leagtha amach acu.

Tacaíochtaí don athoscailt

Chun go n-éireoidh go maith leis an bhfilleadh ar oibríochtaí, tá réimse acmhainní curtha ar fáil d'Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige, agus Cúram Leanaí Ar Aois Scoile, ar an Leathanach Treorach don Athoscailt, na Chéad 5. San áireamh, tá tacaíochtaí do sholáthróirí, do chleachtóirí, d'fheighlí leanaí, do thuismitheoirí, treoir reachtúil, treoir shláinte agus tacaíochtaí cleachtaidh. Rinneadh an Treoir maidir le cosc agus rialú ionfhabhtuithe, a d'fhoilsigh an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (HPSC), a nuashonrú le déanaí, agus tá an t-eagrán is déanaí le fáil ar an suíomh Na Chéad 5. Tá nasc freisin do sheimineár gréasáin a chuir an HPSC ar fáil ar an suíomh agus tá rochtain air anseo. Ina theannta sin, foilseoidh an Roinn go luath sraith de bhileoga leideanna a aibhsíonn roinnt de na príomhtheachtaireactaí ó na doiciméid éagsúla a bhaineann le tacaíocht agus treoir. Beidh siad seo ar fáil freisin ar Na Chéad 5.

Moltar do Sheirbhísí a bhfuil cás amhrasach nó deimhnithe de Covid-19 acu dul i dteagmháil lena gCoiste Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí (CCC) áitiúil, a thabharfaidh tacaíocht dóibh. Ní mór do sheirbhís a bhfuil cás deimhnithe de Covid-19 acu Foirm Fógra Covid-19 a chur ar aghaidh chuig Tusla.

Bímis Réidh!

Ar an suíomh gréasáin Bímis Réidh tá treoir ann maidir le filleadh ar suíomhanna luath-óige. Is é an RLGÓ a d'fhorbair an suíomh i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus páirtithe leasmhara ábhartha. Díríonn an suíomh freisin ar leanaí atá ag ullmhú chun freastal ar réamhscoil nó ar bhunscoil den chéad uair ó Mheán Fómhair 2020.

fhreagairt ar Covid-19. Tá treoir ann do thuismitheoirí ar chéimeanna praiticiúla chun tacú lena leanaí sna míonna atá romhainn agus leideanna maidir le cad is féidir le leanaí agus tuismitheoirí a bheith ag súil leis agus iad ag aistriú nó ag filleadh ar an réamhscoil nó ar an mbunscoil.

Réamhscoil go dtí an bhunscoil – pacáistí aistrithe ar fáil
Tá pacáiste aistrithe do leanaí atá ag tosú sa bhunscoil á scaipeadh ar theaghlaigh tríd a seirbhís Foghlaim agus Cúraim na Luath-Óige. Sa phacáiste tá bileoga leideanna do thuismitheoirí, cárta aistrithe do leanaí chun pictiúr a tharraingt díobh féin dá múinteoir nua agus teimpléad aistrithe 'Mo Scéal' atá forbartha ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus atá le críochnú ag tuismitheoirí. Tá an pacáiste le fáil ó na CCCanna.

Léigh an Nuachtlitir iomlán Anseo

Seimineáir Eolais agus Suirbhéanna na Roinne

Tá fáilte roimh stúirthóirí agus soláthróirí páirt a ghlacadh i seimineáir eolais bunaithe ar dhá tionscadail móra atá faoi bhun ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi láthair - forbairt Plean Forbartha Lucht Saothair na Luathbhlianta agus forbairt Scéim Maoiniú nua don Luathfhoghlaim agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile in Éirinn.

Beidh an seimineár ar siúl thar Zoom ar 22.09.2020 idir 18.00-19.00

Gheohbaidh sibh naisc thíos chuig na suirbhéanna, clárúchán do na seimineáir agus breis eolais ina leith.

Breis eolais maidir leis na seimineáir

Suirbhé 2

...agus rud amháin eile!

Bíonn muid de shíor ag obair anseo in Gaeloideachas ag iarraidh tacú le feabhas in earnáil na luathbhlianta. Tá muid ag obair go leanúnach le heagraíochtaí stáit agus eile chun saol oibre níos fearr a éileamh do na múinteoirí naíonra. Tá muid ag cur lenár suíomh gréasáin go leanúnach, agus b'fhiú go mór súil a choinneáil ar an leathanach atá dírithe ar na Naíonraí. Is féidir teacht air anseo.

An tseachtain seo, tá muid tar éis cur leis an leathanach eolais do dhaoine ar suim leo naíonra nua a bhunú. Tá an t-uafás eolais ann- idir na tacaíochtaí a chuireann an eagraíocht ar fáil, go dtí na céimeanna praiticiúla gur gá a leanúint le naíonra nua a bhunú. Tá foirm ar fáil faoi bhun an eolais gur féidir le daoine a líonadh chun breis cúnamh a fháil ó bhall foirne anseo. Tá fáilte romhaibh an t-eolas seo a scaipeadh ar éinne a bhfuil aithne agaibh orthu atá ag smaoineamh ar naíonra a bhunú. Má fheictear daoibh go bhfuil aon bhearnaí ann, fáiltíonn muid roimh aiseolas ina leith. Féach thíos chun tuilleadh eolais a fháil.

Naíonra Nua a Bhunú

Glac síntús le nuachtlitreacha eile Gaeloideachas

Roinn ar Facebook Tvuít

Copyright © 2020 GAELOIDEACHAS
All rights reserved. Gach ceart ar cosaint.

díchláraigh ón liosta seo